

Comórtas Póstaer agus Físeán Scoileanna Glasa Uisce Éireann

Réamhrá

An aidhm atá leis an gcomórtas ná go ndearfaidh scoláirí aonair **póstaer A3** (nó físeán má tá siad incháilithe don chomórtas físeáin) a léiríonn an téama ar an mbealach is fearr: **Uisce ar son na Síochána**. Is féidir leis an bpóstaer seo a bheith mar mheascán focal agus léaráidí nó léaráidí amháin. **Ní mór** do no póstaer sonraí pearsanta an scoláire a bheith **ar chúl an phóstaer** (féach ar na Téarmaí agus Coinníollacha ar chúl an leathanaigh). Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na Scoileanna Glasa le haghaidh smaointí póstaer a bhaineann le téama na bliana seo.

Catagóirí

Tá trí chatagóir ann:

- 1. Bunscoil Shóisearach (Naíonáin - rang 2)**
- 2. Bunscoil Shinsearach (rang 3 - 6)**
- 3. Meánscoil (lena n-áirítear grúpaí óige) (bliain 1 -6)**
- 4. Comórtas Físeán Meánscoile (bliain 1 - 6, lena n-áirítear grúpaí óige, grúpaí de 20 scoláire ar a mhéad in aghaidh an fhíseáin a chuirtear isteach)**

Réigiúin

Roghnófar buaiteoirí réigiúnacha an chomórtais póstaer as gach catagóir póstaer (12 bhuaiteoir Réigiúnach san iomlán). Roghnófar buaiteoirí náisiúnta ansin ó na buaiteoirí Réigiúnacha i ngach catagóir (triúr buaiteoirí Náisiúnta san iomlán). Roghnófar buaiteoir amháin ón gComórtas Físeán Meánscoile agus beirt buaiteoirí sa dara agus sa tríú háit ó gach iontráil. Bristear na réigiúin síos mar seo a leanas:

- Contae Bhaile Átha Cliath: Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas, Fine Gall
- An tOirthear/Lár na Tíre: Cill Chainnigh, Cill Mhantáin, Cill Dara, Laois, Ceatharlach, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, Longfort, An Mhí agus Lú
- An Tuaisceart/An tIarthar: Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, An Cabhán, Muineachán, Cathair agus Contae na Gaillimhe, Maigh Eo, An Clár agus Ros Comáin
- An Deisceart: Loch Garman, Port Láirge, Tiobraid Árann, Cathair agus Contae Chorcaí, Ciarraí agus Luimneach

Duaischiste

- Bronnfar duais scoláire de dhearbhan Art & Hobby €250 ar na 12 bhuaiteoir Réigiúnach ar fad (nó dearbhan eile den luach céanna) agus cóip dá bpóstaer i bhfráma a bheidh feistithe go gairmiúil.
- Gheobhaidh na triúr buaiteoirí Náisiúnta sa chomórtas póstaer €500 dá scoil chomh maith - le caitheamh ag a gcoiste Scoileanna Glasa mar is toil leo.
- Gheobhaidh an grúpa nó an duine aonair a bhuan an comórtas físeáin €750 le caitheamh ag a gcoiste Scoileanna Glasa ar threalamh físeáin nó teicniúil, nó mar is toil leo. Gheobhaidh an dhá ghrúpa sa dara agus sa tríú háit duais de €300 ar a laghad.

Téarmaí & Coinníollacha

1. Líon na n-Iontrálacha Is ionann an t-uasmhéid iontrálacha póstaer atá ceadaithe ag gach scoil agus **10 in aghaidh na catagóire**.
2. Méid an Phóstaer: Ní mór do gach póstaer a bheith ar aon taobh amháin den leathanach agus a bheith **A3** i méid
3. Sonraí Pearsanta: Ní mór don eolas seo a leanas a bheith san áireamh i ngach iontráil ar an gcomórtas póstaer agus caithfear é **a phriontáil ar an taobh eile de gach póstaer**: a. Ainm an Scoláire; b. Rang/Bliain; c. Ainm agus seoladh na Scoile.
4. Sonraí na Scoile: Ní mór do shonraí teagmhála chomhordaitheoir na Scoileanna Glasa (ainm, uimhir ghutháin agus seoladh ríomhphoist) a bheith ag dul le gach iontráil chun críocha comhfhreagrais.
5. Seoladh Poist: Ní mór d'iontrálacha a chur isteach tríd an bpost chuig an seoladh seo a leanas: *Comórtas Póstaer Scoileanna Glasa Uisce Éireann, An Taisce EEU, 5 Plás Foster, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2, D02 V0P9.*
6. Aighneachtaí an Chomórtais Físeán: Ní mór do gach físeán a chur ar fáil i dtreoshuíomh tírdhreacha agus ní féidir leis a bheith níos faide ná **trí** nóiméad. Ní mór d'fhíseáin a roinnt mar naisc (i.e. nasc YouTube nó a mhacasamhail); agus iad a chur isteach tríd an **bhfoirm iontrála oifigiúil ar líne**: <https://forms.microsoft.com/e/HfiHezq12E>. Ní mór d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach féidir leis na físeáin a bheith sa ríocht phoiblí sula gcuirtear isteach iad, mar sin ba cheart do gach nasc a roinntear a bheith le haghaidh físeáin príobháideacha/cosanta ag pasfhocal/neamhliostaithe. Ar an bhfoirm iontrála, cuir isteach nasc d'fhíseáin agus sonraí eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uainn. Ba cheart go mbeadh na físeáin mar bunshaothar na n-iarrthóirí, níor cheart go mbeadh sé ag sárú cóipchirt, agus ba cheart go mbeadh cead faighte ó gach duine atá san fhíseán é a chur isteach sa chomórtas.
7. Spriocdháta: Ní mór do gach iontráil a bheith istigh roimh 4i.n. ar an **Aoine, 8 Márta, 2024**.
8. Fógra: Cuirfear buaiteoirí ar an eolas laistigh de 30 lá ó dhúnadh an chomórtais trí phost/ghuthán/ríomhphost.
9. Moltóireacht: Roghnóidh painéal neamhspleách moltóirí na hiontrálacha buaiteacha. Is cinneadh deiridh é cinneadh an mholtóra. Ní dhéanfar aon chomhfhreagrais a bhaineann leis an gcomórtas.
10. Filleadh: Ní féidir leis na Scoileanna Glasa aon iontráil a sheoladh ar ais chuig scoileanna.
11. Poiblíocht: Iarrfar ar bhuaiteoirí páirt a ghlacadh i bpoiblíocht comórtais, lena n-áirítear grianghraif a ghlacadh ag na meáin. Féadfaidh na Scoileanna Glasa aon iontráil póstaer nó físeán a cuireadh isteach a úsáid ar mhaithe le clár agus comórtas na Scoileanna Glasa a chur chun cinn, iad a roinnt ar líne, lena n-áirítear sna meáin chló nó ar líne, agus roinnte mar chuid d'ócáid agus acmhainní na Scoileanna Glasa.

12. Cáilitheacht: Tá an comórtas oscailte do scoláirí i ngach Scoil Glas cláraithe atá ag obair ar, nó a bhfuil an téama Uisce curtha i gcrích acu.

13. **Is ionann iontráil ar an gcomórtas seo agus glacadh iomlán agus gan choinníoll leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.**

Faigh tuilleadh spreagtha agus treoirínte ag:

www.greenschoolsireland.org